# BEARTAS MEÁN SÓISIALTA LMETB

| | |
|---|---|
| Uimhir Thagartha an Doiciméid | Beartas Meán Sóisialta LMETB |
| Uimhir Athbhreithnithe | N/B |
| Doiciméad athbhreithnithe ag | Bord LMETB |
| Dáta an Athbhreithnithe | N/B |
| An Dáta ar Cuireadh an Beartas Bunaidh (Leagan 1) i bhFeidhm | An 29 Feabhra 2024 |
| Dátaí Athbhreithnithe Roimhe Seo | N/B |
| An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile | An 29 Feabhra 2026 |

**Stair Leasaithe**

| **Dáta** | **Leibhéal athbhreithnithe** | **Sonraí an leasaithe** | **Síniú ceadaithe** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# CLÁR NA NÁBHAR

Cuspóir an Bheartais seo .......... 3
Beartais agus Nósanna Imeachta Ceangailte Eile .......... 3
Na Meáin Shóisialta le haghaidh Úsáid Ghairmiúil .......... 3
Bainistíocht Cuntas .......... 3
Iompar Foirne - Úsáid Ghairmiúil na Meán Sóisialta .......... 5
Béasaíocht na Meán Sóisialta .......... 5
Smaoinigh sula bpostálann tú .......... 6
SÁRÚ BEARTAIS .......... 6
Aguisín I - Cuntais Nua Meán Sóisialta .......... 7
Aguisín II - Clár na gCuntas Meán Sóisialta .......... 8
Aguisín III - Foirm eisiúna tallainne .......... 9
Aguisín IV Ardáin Meán Sóisialta LMETB Foirm Iarratais um Ghéarú agus Ábhar a Bhaint .......... 10

## Cuspóir an Bheartais seo

Is téarma é na Meáin Shóisialta a thugtar go coitianta ar láithreáin ghréasáin agus feidhmchláir a chuireann ar chumas úsáideoirí idirghníomhú lena chéile ar líne trí ábhar a chruthú agus a roinnt. Trí ábhar a chruthú agus roinnt, is féidir le húsáideoirí líonraí a thógáil trí rannpháirtíocht agus teagmháil mhéadaithe, agus ról ríthábhachtach a bheith acu freisin i gcur chun cinn agus i bhfeidhmiú eagraíochta.

Is é cuspóir an bheartais seo ná a chinntiú go n-úsáidfidh gach ball foirne in aon ról in LMETB, mic léinn agus foghlaimeoirí, na meáin shóisialta go sábháilte agus go freagrach, de réir mar is cuí. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas treoir agus stiúir a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le húsáid na meán sóisialta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do: Facebook, X, MS Teams, LinkedIn, Snapchat, Instagram, Vimeo, YouTube, WhatsApp, Viber agus na láithreáin ghréasáin Scoile/Ionaid/Campais (lena n-áirítear blaganna, fofhearainn agus foshuímh). Áirítear le cumarsáid leictreonach agus na Meáin Shóisialta feidhmchláir bogearraí, iad siúd a ritheann ar ghléasanna móibíleacha san áireamh, ríomhphost agus láithreáin ghréasáin a chuireann ar chumas úsáideoirí idirghníomhú, cruthú agus faisnéise a mhalartú ar líne.

Ní ceart a thuiscint gur teorannú é an beartas seo ar úsáid fheidhmiúil na meán sóisialta ach ba cheart go soláthródh sé creat dea-chleachtais agus cosaint chun iad a úsáid.

## Beartais agus Nósanna Imeachta Ceangailte Eile

Tugann an beartas seo aird chuí ar Imlitreacha ábhartha na Roinne Oideachais, ar an reachtaíocht ábhartha agus ar bheartais agus nósanna imeachta LMETB ar féidir teacht orthu ag: https://lmetb.sharepoint.com/sites/AllStaff/AS_Policies/SitePages/Home.aspx

## Na Meáin Shóisialta le haghaidh Úsáid Ghairmiúil

Faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá freagracht ar gach ball foirne de chuid Chomhlachtaí Poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn agus leatrom a chosc ina dteagmhálacha laethúla le comhghleacaithe, le húsáideoirí seirbhíse agus le páirtithe leasmhara. Agus ardáin meán sóisialta LMETB á n-oibriú, tabharfaidh bainisteoirí cuntais agus comhordaitheoirí cuntais aird ar na hoibleagáidí dlíthiúla chun Cearta Daonna gach duine a chosaint, agus iad siúd a shainaithnítear faoi na naoi (9) bhforas inar dócha go mbeidh leatrom. Is iad na forais seo ná Inscne, Stádas Sibhialta, Stádas Teaghlaigh, Claonadh Gnéis, Creideamh, Aois, Comhaltas den Lucht Siúil, Cine agus Míchumas (intleachtúil, meabhrach agus/nó fisiceach).

## Bainistíocht Cuntas

Tá gach Bainisteoir Líne freagrach sa deireadh as gníomhaíocht na Meán Sóisialta a bhaineann lena Scoil/Ionad/Campas. Áirítear leis seo na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

- Treoirlínte áitiúla a fhorbairt chun tacú le húsáid na Meán Sóisialta (e.g. treoirlínte Meán Sóisialta do mhic léinn/foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus baill foirne) agus iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun oiliúint a chur ar an bhfoireann agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí maidir le húsáid inghlactha agus le beartais a rialaíonn cumarsáid ar líne.
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na ngníomhaíochta meán sóisialta ar líne a bhaineann leis an gCuntas Meán Sóisialta faoi seach. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo monatóireacht fíor-ama ar ghníomhaíocht agus/nó loga de ghníomhaíocht Idirlín a choinneáil lena athbhreithniú níos déanaí.
- Bain aon chuntais úsáideora mhíchuí ar an líonra.
- Nósanna imeachta agus rialacha Scoile/Ionaid/Campais a leasú de réir mar is gá.

**Féadfar** ball foirne ainmnithe a cheapadh chun comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht dá leithéid a bhaineann lena Scoil/Ionad/Campas. Ní mór dóibh siúd a chomhordaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar chainéil na Meán Sóisialta a bhaineann le LMETB a chinntiú go bhfuil siad in ann freagairt go tráthúil ar thuairimí agus ar phostálacha a dhéantar ar an láithreán.

D'fhonn guth agus caighdeán branda comhsheasmhach a chinntiú, is **dea-chleachtas** é go gcoimeádann gach Scoil/Ionad/Campas próifíl oifigiúil amháin ar na Meáin Shóisialta agus a chinntiú go bhfuil lógó na Scoile/Ionad/Campais agus lógó LMETB le feiceáil in áit fheiceálach ar an bpróifíl de réir mar is gá.

Tá gach Scoil/Ionad/Campas freagrach as Clár a bhunú agus a chothabháil de na hainmneacha fearainn feidhmchláir líonraithe shóisialta go léir atá in úsáid, ainmneacha gach ball foirne ainmnithe a bhaineann leis na cuntais seo, chomh maith leis na sainaitheantais úsáideora agus na pasfhocail ghaolmhara atá gníomhach faoi láthair laistigh dá Scoil/Ionad/Campas mar atá leagtha amach in Aguisín II.

## RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

**Is éard atá i gceist leis na meáin shóisialta ná comhráite déthreo a bheith agat, mar sin is cleachtas nádúrtha é dul i dteagmháil le daoine eile ar líne. Is áiteanna Sóisialta iad na Meáin Shóisialta.**

Agus tú ag dul i dteagmháil le daoine den phobal ar na meáin shóisialta, cibé acu ar bhonn pearsanta nó gairmiúil, le do thoil cloígh leis an dea-chleachtas seo a leanas.

- Cinntigh gur fíordhuine agus ní bota é an duine lena bhfuil tú i dteagmháil. Is cuntas uathoibrithe é bota, go hiondúil ar X, a bhrúnn amach na céadta Tvuít gan aon fhaisnéis phearsanta a roinnt.
- Léigh i gcónaí beathaisnéis nó cuid 'faoi' duine a bhfuil tú i dteagmháil leis ar na meáin shóisialta.
- Déan athbhreithniú ar na 5-10 nuashonrú stádais nó Tvuít is déanaí chun tuiscint a fháil ar a gcuid tuairimí agus dearcthaí le fáil amach an bhfuil na suimeanna céanna agaibh.

- Má tá tú ag teacht trasna ar iompar trollála nó maslach, ionsaitheach nó bagrach, ní gá ach seat scáileáin de na postálacha a ghlacadh mar fhianaise, bac a chur ar an duine/na daoine ar an líonra sóisialta agus iad a thuairisciú don líonra sóisialta.
- Má tá tú ag fulaingt cibearbhulaíochta ó chomhghleacaí, ba cheart duit an t-ábhar a thuairisciú don aonad acmhainní daonna mar aon le seat scáileáin de na postálacha/tuairimí maslacha. (Déan tagairt d'Aguisín IV)

**CUIMHNIGH: Conas bota a aimsiú**

• **Gníomhaíocht**: An ndéanann an cuntas na céadta Tvuít sa lá nó in aghaidh na seachtaine?
• **Anaithnideacht:** An bhfuil easpa faisnéise pearsanta nó aon fhaisnéis aitheantais sa chuntas?
• **Aimpliú:** An ndéanann an cuntas ábhar ó chuntais eile a athroinnt go príomha agus ní ábhar bunaidh?

## IOMPAR FOIRNE - ÚSÁID GHAIRMIÚIL NA MEÁN SÓISIALTA

## BÉASAÍOCHT NA MEÁN SÓISIALTA

- Cuimhnigh ar d’oibleagáid dhlíthiúil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine mar a luadh thuas faoin gceannteideal Meáin Shóisialta le haghaidh Úsáid Ghairmiúil.
- Cuimhnigh na postálacha a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir do gach duine a bhfuil lagú amhairc agus éisteachta orthu. Má tá físeán á lódáil agat, cuimhnigh le do thoil an rogha teideal dúnta (TD) a úsáid má tá sé ar fáil.
- Bíodh meas agat ar dhearcthaí agus ar thuairimí daoine eile. Tá sé intuigthe nach n-aontófá i gcónaí le tuairimí ar líne, mar sin féin, ná bí páirteach in easaontas poiblí.
- Déan iarracht cur leis an méid atá á dhéanamh agus á rá ag daoine eile le do chuid eolais agus léargais. Cuimhnigh nach bhfuil tú ag labhairt le custaiméirí ar son ETB Lú agus na Mí, comhlíonann na Ranna LMETB ábhartha an ról seo, mar sin féin, ná bíodh drogall ort daoine a threorú chuig Rann LMETB trí úsáid a bhaint as an *leathanach gréasáin* ‘Déan Teagmháil Linn’ anseo: https://www.lmetb.ie/what-we-do/contact-us/
- Gníomhaigh go gairmiúil i gcónaí.
- Bí gasta chun do bhotúin féin a cheartú agus admhaigh nuair a bhíonn tú mícheart.
- Ná húsáid tarcaisní, maslaí nó eascainí eitneacha nó reiligiúnacha.
- Ná gabh d’iompar a d’fhéadfaí a mheas mar iompar do-ghlactha ar líne.
- Bí tuisceanach ar phríobháideachas daoine eile agus ar ábhair a d’fhéadfaí a mheas mar ábhair phearsanta, amhail reiligiún nó polaitíocht.
- Ná bí ag caint le troill a bhfuil sé mar aidhm acu comhrá diúltach a dhéanamh leat.
- Comhroinn faisnéis a bhfuil a fhios agat í a bheith fíor, bí cúramach le nuacht bhréige agus faisnéis mhícheart a roinnt.
- Ná roinn faisnéis faoi chairde nó faoi chomhghleacaithe gan toil a fháil uathu roimh ré.
- Ar shuímh phearsanta, léirigh gur leatsa na tuairimí féin, ba cheart go mbeadh sé soiléir nach tuairimí LMETB iad na tuairimí a chuirtear in iúl. Is é an dea-chleachtas

nóta a chur ar do leathanach pearsanta ina ndeirtear '*Is tuairimí pearsanta iad na dearcthaí agus na tuairimí a chuirtear in iúl*.'

- D'fhéadfadh caingean araíonachta, dlíthiúil nó coiriúil a bheith mar thoradh ar ráitis a dhéantar in ainm LMETB ar na meáin shóisialta atá maslach, dímheasúil nó bagrach faoi dhaoine aonair, eagraíochtaí nó grúpaí.
- Labhair sa chéad phearsa, agus cuimhnigh go bhfuil tú ag foilsiú ábhair i d'ainm féin agus ní in ainm d'fhostóra .i. *'mé* 'ní '*muid'*
- **Rúndacht** – de réir théarmaí agus choinníollacha d'fhostaíochta ní dhéanfaidh tú aon fhaisnéis de chineál rúnda a phlé ná a nochtadh ach amháin i gcúrsa cuí d'fhostaíochta.

**CUIMHNIGH:** Tá tú faoi dhliteanas dlíthiúil as aon rud a fhoilsíonn tú ar do líonraí sóisialta féin.

## TREOIR Tik Tok

Níor cheart feidhmchlár nó láithreán gréasáin TikTok a shuiteáil nó a rochtain trí úsáid a bhaint as aon ghléas ar le LMETB é, nó ag aon scoileanna nó ionaid faoina shainchúram, gan údarú i scríbhinn roimh ré. I gcás ina bhfuil an feidhmchlár TikTok suiteáilte cheana féin, ba cheart é a bhaint láithreach mura bhfuil údarú roimh ré deonaithe agus mura ndearnadh an t-údarú sin a chúlghairm ina dhiaidh sin. Ní fhéadfaidh aon ghléas faoi úinéireacht phearsanta a fhaigheann nó a stórálann sonraí oibre LMETB, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do ríomhphoist, One Drive agus MS Teams rochtain a fháil ar sheirbhís TikTok, nó feidhmchlár TikTok a shuiteáil, gan údarú i scríbhinn roimh ré.
Más mian leis an úsáideoir TikTok a shuiteáil nó a rochtain ar ghléas atá faoi úinéireacht phearsanta, ní mór don úsáideoir a chinntiú nach stórálfar aon sonraí LMETB ar an ngléas nó nach bhfaighfear rochtain orthu ón ngléas.

## SMAOINIGH SULA BPOSTÁLANN TÚ

**NÍL PRÍOBHÁIDEACHAS ANN I SAOL NA MEÁN SÓISIALTA!**

Fiú sa chás go bhfuil cuntais meán sóisialta díghníomhachtaithe, d'fhéadfadh go bhfanfadh cóipeanna d'fhaisnéis úsáideora ar líne. Ba cheart d'úsáideoirí smaoineamh go cúramach an bhfuil siad sásta a gcuid faisnéise a chur ar fáil, ní hamháin anois, ach amach anseo.

## SÁRÚ BEARTAIS

D'fhéadfadh ball foirne nó foghlaimeoir rochtain ar áiseanna líonraithe sóisialta a chailleadh agus/nó d'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar aon sárú ar an mbeartas seo.

## AGUISÍN I - CUNTAIS NUA MEÁN SÓISIALTA

**Iarratas ar Chuntas Meán Sóisialta a chruthú laistigh de Scoil/Ionad ETB Lú agus na Mí**

| | |
|---|---|
| Ainm an Bhaill Foirne atá freagrach as an gcuntas a bhainistiú: | |
| Ainm na Scoile/an Ionaid: | |
| Cineál Meán Sóisialta (e.g. Instagram, X srl.) | |
| Ainm úsáideora: | |
| Pasfhocal: | |
| Cad é príomhchuspóir na saoráide meán sóisialta? | |
| Conas a dhéanfar an tsaoráid meán sóisialta a bhainistiú? | |
| Cén seoladh ríomhphoist a úsáidfear sa chuntas seo? | |

| **Tá Cead Údaraithe tugtha chun an cuntas Meán Sóisialta seo a chruthú ag:** | |
|---|---|
| Síniú: (Bainisteoir Líne) | |
| Dáta: | |

**Ní féidir ach le Bainisteoir Líne/Príomhoide/Comhordaitheoir Cead Údaraithe a shíniú.** Ní féidir aon chuntais a oscailt in ainm ETB Lú agus na Mí ná in ainm Scoil/Ionad/Champas aonair ETB Lú agus na Mí gan síniú údaraithe a fháil roimh ré ón **mBainisteoir Líne/Príomhoide/Comhordaitheoir.**

**AGUISÍN II - CLÁR NA GCUNTAS MEÁN SÓISIALTA**

**Clár na gCuntas Meán Sóisialta <cuir isteach ainm na Scoile/an Ionaid/an Champais/na hOifige>**

**Ainm na Scoile/Ionad/Campais/Oifige**: ________________________________ **Úinéir an Chláir**: _____________________________________

| Ainm an Chuntais/na Próifíle Meán Sóisialta | Ainm Úsáideora agus Pasfhocal an Chuntais | Seoladh Ríomhphoist a úsáidtear chun cuntas a oscailt | Dáta Socraithe an Chuntais | Riarthóir Foirne | Úsáideoirí Cuntais Eile (más ann dóibh) | Príomhchuspóir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

**AGUISÍN III - FOIRM EISIÚNA TALLAINNE**

**Foirm Cheada Tallainne**

<le priontáil ar pháipéar ceannchlóite na Scoile/an Ionaid/an Champais>

Údaraím do Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (LMETB) agus do tháirgeoirí a oibríonn ar son an LMETB mo dhealramh a stóráil agus a úsáid chun críocha caidrimh phoiblí LMETB.

**Táirgeoir:** ETB Lú agus na Mí agus a ghníomhairí.

**Cuspóir:** Caidreamh Poiblí lena n-áirítear oideachas agus oiliúint, cúrsaí agus seirbhísí ETB Lú agus na Mí a chur chun cinn.

Tuigim nach bhfaighidh mé aon tuarastal as úsáid an dealraimh agus go mbeidh úinéireacht iomlán ag LMETB air. Tugaim an ceart do LMETB m'ainm, mo chosúlacht agus m'ábhar beathaisnéise a úsáid chun oideachas agus oiliúint a chur chun cinn agus chun cúrsaí agus seirbhísí LMETB a phoibliú.

***D'fhéadfadh ETB Lú agus na Mí:***

1. *grianghraif/fístéipeanna a thógáil díom agus mo ghuth agus mo chosúlacht a thaifeadadh chun na críocha thuasluaite, cibé acu trí chóras digiteach, scannán, fístéip, téip mhaighnéadach nó eile a dhéantar é.*
2. *Cóipeanna a dhéanamh de na grianghraif nó de na taifeadtaí a dhéantar.*
3. *Tugaim cead do LMETB mo shonraí a úsáid lena n-áirítear ainm, íomhá, cosúlacht, sonraí gutha agus beathaisnéise le foilsiú i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear sna meáin chlóite amhail nuachtlitreacha, irisí, nuachtáin, chomh maith le meáin dhigiteacha ar nós láithreáin ghréasáin, Facebook, X nó formáidí eile chun na críche ainmnithe.*

Tuigim freisin gur le LMETB fós an bunábhar agus nach mbeidh aon srianta ar an líon uaireanta is féidir mo shonraí a úsáid.

**Ainm (cló i mBloclitreacha):** ______________________________________________

**Seoladh:** ________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**Síniú na Tallainne:** ______________________________________________

**Síniú Tuismitheora (más faoi bhun 18 mbliana d'aois):** ______________________________________

**Dáta:** ______________________

Aguisín IV Ardáin Meán Sóisialta LMETB Foirm
Iarratais um Ghéarú agus Ábhar a Bhaint

| AINM: | |
|---|---|
| **SEOLADH RÍOMHPHOIST** | |
| **Uimhir Theileafóin an Teagmhálaí:** | |
| **Cur síos ar ábhair a líomhnaítear gur sárú é agus Suíomh (URL, Ainm Óstach nó seoladh IP) an ábhair ar líonra LMETB. (Cuir naisc ar fáil agus/nó ceangail seat scáileáin chun cabhrú leat.)** | |

Dearbhaím de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm seo cruinn:

**Síniú:** _____________________________________ **Dáta:** ______________________

Nuair a fhaightear an t-iarratas seo d'fhéadfadh LMETB teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach le linn na tréimhse measúnaithe tosaigh seo chun críocha an gearán a fhíorú. Seol an t-iarratas seo chuig do Phríomhoide/Comhordaitheoir/Bainisteoir Líne. *Déanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí gach iarracht réasúnach ábhar míchuí a bhaint. I gcás suíomh tríú páirtí, áfach, níl aon smacht aige ar fheidhmiúlacht nó ar shonraí atá stóráilte ar na suímh seo agus mar sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé in ann a chinntiú go mbainfear iad.*